C/2024/2095

26.3.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An t-éilliú sa soláthar poiblí agus an tionchar atá aige ar an margadh inmheánach

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/2095)

Rapóirtéir: **José Antonio MORENO DÍAZ**

Comhrapóirtéir: **Cristian PÎRVULESCU**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	An Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	20.12.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	17/01/2024
Seisiún iomlánach Uimh.	584
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	219/0/0

1. Conclúidí agus moltaí

1.1 Mar thoradh ar na géarchéimeanna a thit amach i ndiaidh a chéile agus a chuir isteach ar an bpláinéad ó 2020 i leith, tá méadú tagtha ar idirghabháil na n-údarás poiblí sa gheilleagar ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus, dá bhrí sin, tá méadú tagtha ar na hinfheistíochtaí poiblí atá beartaithe chun earraí coiteanna Eorpacha a chosaint (amhail an tsláinte, an tsábháilteacht, an comhshaol, an aeráid agus an tsíocháin). Is ionstraimí tábhachtacha iad acmhainní airgeadais Eorpacha agus náisiúnta chun rathúnas agus iomaíochas na hEorpa a ráthú, arb iad na cánacha a íocann saoránaigh na hEorpa is bunús leo. Dá bhrí sin, níor cheart iad a úsáid ar mhaithe le leasanna príobháideacha agus aindleathacha. Baineann an méid sin freisin le hairgead a chaitear ar an soláthar poiblí.

1.2 Tá céim mhór chun cinn tógtha ag an Aontas trí chosaint an smachta reachta, lena n-áirítear iarrachtaí éifeachtacha frith-éillithe, a nascadh leis an ngá atá ann a leasanna airgeadais a chosaint. Is gá an cur chuige sin a fhorbairt tuilleadh mar ní hamháin go ndéanann sáruithe ar an smacht reachta difear do leasanna airgeadais an Aontais ach bíonn tionchar acu freisin ar na príomhbheartais lena rialaítear an margadh aonair. Ba cheart an Pacáiste Frith-Éillithe a glacadh an 3 Bealtaine 2023 a threisiú, ar pacáiste é ina dtugtar aghaidh ar an éilliú ar bhonn uilechoiteann agus ní hamháin i ndáil le cistí an Aontais.

1.3 Meastar gur coir thromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi é an t-éilliú, mar a shainmhínítear in Airteagal 83(1) CFAE. Measann CESE gur cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an togra le haghaidh treoir ón gCoimisiún maidir leis an ábhar sin a ghlacadh a luaithe is féidir le linn an téarma pharlaimintigh seo, chun íosleibhéal comhordaithe agus comhchuibhithe a áirithiú i gcleachtais dlí agus institiúideacha na mBallstát.

1.4 Measann CESE nach mór don Choimisiún Tuarascáil an Aontais Eorpaigh maidir le Frith-Éilliú a athbhunú: cuireadh tús leis an Tuarascáil sin leis an teachtaireacht maidir leis an éilliú a chomhrac san Aontas a foilsíodh in 2011, ach cuireadh deireadh léi tar éis na chéad tuarascála in 2014. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an tuarascáil chun aird a tharraingt ar ghnéithe éagsúla den chomhrac in aghaidh an éillithe agus chun na gnéithe sin a chomhtháthú, ar gnéithe iad nach dtugtar mórán airde orthu faoi láthair nó nach dtugtar aon aird ar bith orthu le creat an smachta reachta.

1.5 Ba cheart díriú ar an soláthar poiblí, lena n-áirítear na castachtaí uile a bhaineann leis agus na hiarmhairtí a bheidh aige. Ní mór don Aontas tús áite a thabhairt do mheastóireacht a dhéanamh ar an gcreat reachtach maidir le sláine an tsoláthair phoiblí agus ar a chur chun feidhme chun a fhíorú an bhfuil an creat sin comhsheasmhach le riachtanais an chomhraic i gcoinne an éillithe. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin a chinneadh an bhfeidhmeoidh sé a cheart tionscnaimh agus conas a dhéanfaidh sé é sin.

1.6 Measann CESE go bhfuil an creat rialála a bunaíodh leis na treoracha maidir leis an ábhar sin fós bailí agus iomchuí agus nach gá é a athbhreithniú. Is gá, áfach, díriú ar an gcreat rialála a ailíniú leis na luachanna nua atá mar bhonn taca faoi straitéis shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil an Aontais.

1.7 Agus aitheantas á thabhairt aige do fhreagracht shuntasach an Aontais an t-éilliú a chomhrac ar fud an domhain, tacaíonn CESE leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa lena n-iarrtar ar an gCoimisiún straitéis dhomhanda frith-éillithe de chuid an Aontais a ullmhú, lena dtabharfar aghaidh ar an éilliú mar fhadhb dhomhanda agus lena n-éilítear institiúidí éifeachtacha frith-éillithe, sásraí coisctheacha agus creat rialála idirnáisiúnta, chomh maith le téarnamh sócmhainní agus ionchúiseamh coiriúil laistigh den Aontas.

1.8 D'fhéadfadh cleachtais éillitheacha gnóthachain agus acmhainní neamhdhleathacha a chur ar fáil do ghníomhaithe polaitiúla, lena bhféadfaidís feachtasaíocht a dhéanamh ar a gcóras tacaíochta bunaithe ar chliantachas agus na córais sin a choinneáil ar bun, rud a scriosfadh an cothrom iomaíochta. D'fhéadfadh gníomhaithe eachtracha maoiniú neamhdhleathach a úsáid chun tacaíocht a thabhairt do ghluaiseachtaí polaitiúla agus d'iarrthóirí éagsúla, agus, ar an gcaoi sin, buntáistí éagóracha a thabhairt dóibh agus sláine agus iolrachas na dtoghchán a chur i mbaol. Maidir leis seo, ba cheart na hiarrachtaí in aghaidh an éillithe a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na hiarrachtaí chun an daonlathas san Aontas a chosaint agus a fhorbairt, ar iarrachtaí iad atá mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an Daonlathas faoi láthair.

1.9 Creideann CESE go bhféadfadh an Coimisiún teachtaireacht a ghlacadh lena ndeimhneofaí treoracha 2014 maidir leis an soláthar poiblí. D'fhéadfadh an Coimisiún an deis sin a ghlacadh chun feabhas a chur ar roinnt nósanna imeachta agus uirlisí dá bhforáiltear sna treoracha sin nár forbraíodh go fóill, na sé thosaíocht straitéiseacha a liostaíodh in 2017 a dhearbhú agus iad a dhíriú ar an inbhuanaitheacht.

1.10 Bhí sé de cheart digitiú a dhéanamh ar an margadh soláthair phoiblí san Eoraip blianta ó shin, ós rud é gur ionstraim é an digitiú a chuireann leis an eolas, an trédhearcacht, agus le luas agus sláine shaolré iomlán an tsoláthair phoiblí. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta le linn an phróisis dheacair sin.

1.11 D'fhéadfadh an Coimisiún tábhacht níos mó a leagan ar na comhshocruithe sláine, go háirithe tar éis do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an chomhoiriúnacht a dheimhniú idir na comhshocruithe sin agus an reachtaíocht Eorpach maidir leis an soláthar poiblí.

1.12 D'fhéadfadh an córas tras-toirmisc (idir údaráis Eorpacha/institiúidí náisiúnta/bainc phríobháideacha) a bheith úsáideach chun an margadh inmheánach a chosaint ar mhí-úsáid acmhainní poiblí a leithdháiltear ar thairiscintí, is cuma cé acu Eorpach nó náisiúnta iad na hacmhainní sin.

1.13 Molann CESE don Choimisiún Eorpach, d'institiúidí eile de chuid an Aontais agus d'institiúidí náisiúnta eile a mheas gur príomhionstraimí iad ionadaíocht na n-oibrithe, an chómhargáil agus an t-idirphlé sóisialta chun go mbeidh an frith-éilliú éifeachtach ar gach leibhéal.

1.14 Molann CESE do gach gnólacht/ cumann fostóirí agus do na comhpháirtithe sóisialta cultúr sláine a shaothrú go gníomhach agus cloí leis na caighdeáin is fearr atá ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta; is samplaí iad EN 17687:2022 maidir leis an soláthar poiblí (Sláine agus cuntasacht – Ceanglais agus treoraíocht), ISO 37001 (Córais bainistíochta frithbhreabaireachta), agus na caighdeáin sin a eascraíonn as infheistíochtaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a fhorbairt.

1.15 Ós rud é go bhfuil an soláthar poiblí díláraithe sna Ballstáit uile, ní mór ionstraimí a fhorbairt chun tacú le sláine an nós imeachta soláthair ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. D'fhéadfadh Coiste na Réigiún na sonraí is gá a chur ar fáil chun an cuspóir sin a shaothrú.

1.16 Tá CESE ag tnúth le hinstitiúidiú agus forbairt líonra an Aontais i gcoinne an éillithe agus tá sé toilteanach páirt a ghlacadh in obair an líonra sin. Molann CESE don Choimisiún Eorpach cistiú a chur ar fáil d'fheachtais feasachta poiblí maidir leis an éilliú agus dea-chleachtais a spreagadh maidir le soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta (SPFS).

2. **Comhthéacs**

2.1 Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid chéanna le déanaí: 'Gach bliain san Aontas Eorpach, caitheann breis agus 250 000 údarás poiblí thart ar EUR 2 trilliún (thart ar 13,6 % de OTI) ar cheannach seirbhísí, oibreacha agus soláthairtí' ([1]).

2.2 Is spreagadh don **choireacht** (eagraithe nó eile) é méid ollmhór acmhainní airgeadais a chur isteach sa mhargadh soláthair phoiblí agus is dúshlán é sin freisin do na húdaráis riaracháin phoiblí a n-iarrtar orthu nósanna imeachta práinneacha a eagrú i gcásanna éigeandála urghnácha. Dhearbhaigh an Coimisiún an méid seo a leanas: 'Níl aon earnáil ná réimse gníomhaíochta sábháilte ó **rioscaí éillithe**, ach ní mór aird ar leith a thabhairt ar réimsí coiteanna ardriosca – go hiondúil iad siúd a bhaineann le bainistiú **cistí poiblí** suntasacha' ([2]). De réir roinnt meastachán, meastar gurbh é EUR 4,3 billiún costas iomlán an riosca éillithe i gconarthaí soláthair phoiblí a bhain le cistí AE-27 idir 2016 agus 2021 ([3]).

([1]) IO C 98 I, 16.3.2023, lch. 1.
([2]) COM(2023) 800 final, lgh. 16 agus 18.
([3]) Parlaimint na hEorpa, *Stepping up the EU's efforts to tackle corruption. Cost of Non-Europe Report*, 2023, lch. 2.

2.3 Aithníonn CESE an dul chun cinn suntasach atá déanta maidir leis an éilliú a chomhrac san Aontas agus sna Ballstáit. Trí iarrachtaí frith-éillithe a chur san áireamh san obair chun an smacht reachta a chosaint agus an Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta a dhréachtú, déantar na hiarrachtaí sin a ailíniú le príomhghnéithe eile den rialachas daonlathach, iontaofa agus éifeachtach (Airteagal 2 CAE). Mar a luaigh an Coimisiún, 'Tá an comhrac i gcoinne an éillithe fíor-riachtanach chun an smacht reachta a choinneáil agus chun muinín na saoránach agus na gcuideachtaí as institiúidí poiblí a chaomhnú. Cur chuige cuimsitheach chun an t-éilliú a chomhrac, ní mór dó a bheith bunaithe ar chumasc de bhearta coisctheacha agus pionósacha' ([4]).

2.4 Luaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach ráiteas de threoirlínte nó rúin de chineál polaitiúil amháin atá in Airteagal 2 CAE, ach go bhfuil luachanna ann a bhaineann, (…) le féiniúlacht an Aontais mar dhlíchóras, luachanna a léirítear go nithiúil i bprionsabail ina bhfuil oibleagáidí atá ceangailteach ó thaobh an dlí de ar na Ballstáit ([5]). Dá bhrí sin, ní mór na luachanna sin a chur san áireamh sna comhbheartais agus in iompraíocht na n-údarás poiblí agus na ngníomhaithe eacnamaíocha a bhfuil baint acu leis an margadh inmheánach ([6]).

2.5 Tá céim mhór chun cinn tógtha ag an Aontas trí chosaint an smachta reachta, lena n-áirítear iarrachtaí éifeachtacha frith-éillithe, a nascadh leis an ngá atá ann a leasanna airgeadais a chosaint. I gcás sáruithe móra ar phrionsabail an smachta reachta, is féidir leis an Aontas beart a dhéanamh in aghaidh Ballstáit, mar shampla íocaíochtaí agus gealltanais a chur ar fionraí, eisíoc na dtráthchodanna a chur ar fionraí nó iasachtaí a aisíoc go luath, cistiú faoi ghealltanais atá ann cheana a laghdú, agus cosc a chur ar aon ghealltanais nua le faighteoirí nó comhaontuithe nua maidir le hiasachtaí nó ionstraimí eile arna ráthú ag buiséad an Aontais ([7]).

2.6 I ndiaidh dó an Pacáiste Frith-Éillithe a ghlacadh an 3 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún Eorpach líonra an Aontais i gcoinne an éillithe ar bun freisin. Tá sé beartaithe go mbeidh an líonra ina bhratfhóram inar féidir leis na geallsealbhóirí uile san Aontas dea-chleachtais, deiseanna, smaointe agus pleananna a mhalartú chun tuilleadh oibre a dhéanamh. Is fóram cuimsitheach é, agus áirítear ann eagraíochtaí neamhspleácha na sochaí sibhialta. Bunaíodh é ar an tuairim láidir go mbíonn torthaí níos fearr agus beartas frith-éillithe níos éifeachtaí mar thoradh ar pheirspictíochtaí éagsúla a chomhroinnt ([8]).

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1 Mar sin féin, ní mór dul níos faide leis an gcur chuige sin. Cuireann forálacha nós imeachta reatha an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta ([9]) teorainn lena raon feidhme. Faoi láthair, níl ach Ballstát amháin faoi réir na mbeart atá leagtha síos sa rialachán sin. Mar gheall ar an tairseach ard ar cheart a bhaint amach chun an ionstraim sin a ghníomhachtú, ní féidir léi feidhmiú mar dhreasacht do na Ballstáit uile chun an t-éilliú a chomhrac. Tá teorainneacha eile laistigh den ionstraim sin freisin. Ní hamháin go ndéanann sáruithe ar an smacht reachta difear do leasanna airgeadais an Aontais ach bíonn tionchar acu freisin ar na príomhbheartais lena rialaítear an margadh aonair, rud a chuireann teorainn arís eile le raon feidhme an rialacháin thuasluaite.

3.2 Maidir leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe san Aontas, meastar gur coir thromchúiseach é an t-éilliú, mar a shainmhínítear in Airteagal 83(1) CFAE. Is iomaí gné a bhaineann leis an gcosc agus leis an gcos ar bolg, ar gnéithe iad nach féidir a chur i gcatagóir amháin a mhéid a bhaineann le hinniúlachtaí an Aontais, bonn na gConarthaí, earnálacha beartais agus ionstraimí. Leagann CESE béim ar an ngá atá le tuilleadh a dhéanamh chun gnéithe éagsúla den chomhrac in aghaidh an éillithe a chomhtháthú d'fhonn an comhrac sin a dhéanamh níos éifeachtaí ar gach leibhéal rialachais ar fud an Aontais. Tá roinnt bealaí ann chun dul i ngleic leis sin.

3.3 Ar an gcéad dul síos, measann CESE go bhfuil an creat reachtach Eorpach ilroinnte, agus go bhfuil na rialacha atá dírithe ar an éilliú a chomhrac (amhail na rialacha maidir leis an gcoireacht eagraithe agus sciúradh fáltas ón gcoireacht) scaipthe ar fud ionstraimí neamhcheangailte éagsúla, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí (féach pointe 3.6) ([10]). Thairis sin, tá iarracht á déanamh an cás sin a leigheas le tionscnamh rialála an Choimisiúin an 3 Bealtaine 2023 ([11]). Measann CESE gur cheart do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an togra le haghaidh treoir ón gCoimisiún a ghlacadh a luaithe is féidir, le linn an téarma pharlaimintigh seo. Sonraítear sa treoir sainmhíniú coiteann agus creat coiteann chun an t-éilliú a chomhrac ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát. Is é sin an chéim is tábhachtaí chun íosleibhéal comhordaithe agus comhchuibhithe a áirithiú i gcleachtais dlí agus institiúideacha na mBallstát.

([4]) COM(2023) 800 final, mír 2(2).
([5]) Breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, cásanna C-156/21, mír 232 agus C-157/21, mír 264.
([6]) Pitruzzella, *L'integrazione tramite il valore dello 'Stato di diritto'*, www.federalismi.it, Uimh. 27/2022.
([7]) IO L 433 I, 22.12.2020.
([8]) Líonra an Aontais i gcoinne an éillithe.
([9]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1.
([10]) Gaglio et al., *Strengthening the fight against corruption; assessing the EU legislative and policy framework*, 2023.
([11]) Féach togra na treorach maidir leis an éilliú a chomhrac, COM(2023) 234 final, agus an teachtaireacht a luaitear i bhfonóta 2.

3.4 Ar an dara dul síos, measann CESE nár cheart don Aontas a mheas gur rud é an t-éilliú atá ábhartha go príomha agus go heisiach a mhéid a bhaineann le cistí an Aontais. Cé go bhfuil uirlisí agus inniúlacht dhíreach ag an Aontas chun dul i ngleic leis an éilliú a bhaineann le cistí an Aontais, tá cineálacha eile éillithe ann freisin atá chomh tábhachtach céanna agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Bíonn tionchar díreach ag an éilliú ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí agus ar phobail nach bhfaigheann maoiniú ón Aontas. D'fhéadfadh na Ballstáit córas dhá leibhéal a oibriú go héifeachtach sa deireadh, córas ina mbeadh níos lú seans ann, ar an meán, go ndíreofaí leasanna agus cleachtais éillitheacha ar thionscadail agus ar chistiú de chuid an Aontais ná mar a dhíreofaí ar thionscadail náisiúnta, ar lú an trédhearcacht a bhaineann leo agus an faireachán a dhéantar orthu. Ba cheart an Pacáiste Frith-Éillithe a glacadh an 3 Bealtaine 2023 a threisiú, ina dtugtar aghaidh ar an éilliú ar bhonn uilechoiteann agus ní hamháin i ndáil le cistí an Aontais.

3.5 Ar an tríú dul síos, measann CESE nach mór don Choimisiún Tuarascáil an Aontais maidir le Frith-Éilliú a athbhunú: cuireadh tús leis an Tuarascáil sin leis an teachtaireacht maidir leis an éilliú a chomhrac san Aontas ([12]) a foilsíodh in 2011, ach cuireadh deireadh léi tar éis na chéad tuarascála in 2014 ([13]). Anailís chuimsitheach a bhí sa tuarascáil ar staid na himeartha ó thaobh na reachtaíochta de, agus ar bheartais agus sonraí maidir leis an éilliú. Cuireadh 28 roinn san áireamh – ceann amháin do gach Ballstát ag an am sin. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an tuarascáil chun aird a tharraingt ar ghnéithe éagsúla den chomhrac in aghaidh an éillithe agus chun na gnéithe sin a chomhtháthú, ar gnéithe iad nach dtugtar mórán airde orthu faoi láthair nó nach dtugtar aon aird ar bith orthu le creat an smachta reachta. Ba cheart don tuarascáil cuíchóiriú a dhéanamh ar shraitheanna éagsúla beartais agus reachtaíochta chun comhleanúnachas agus éifeachtacht a áirithiú, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an smacht reachta, gnéithe eacnamaíocha agus gnéithe den mhargadh inmheánach.

Ar an gceathrú dul síos, ba cheart díriú ar an soláthar poiblí, lena n-áirítear na castachtaí uile a bhaineann leis agus na hiarmhairtí a bheidh aige. Ní mór don Aontas tús áite a thabhairt d'fhíorú leordhóthanacht an chreata reachtaigh agus rialála maidir le sláine an tsoláthair phoiblí agus ar chur chun feidhme an chreata sin sa chleachtas chun a fhíorú an bhfuil sé comhsheasmhach le riachtanais an chomhraic in aghaidh an éillithe. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin a chinneadh an bhfeidhmeoidh sé a cheart tionscnaimh agus conas a dhéanfaidh sé é sin. Faoi láthair, is iad na trí threoir a formheasadh in 2014 atá sa chreat rialála don chomhrac i gcoinne an éillithe i margadh an tsoláthair phoiblí ([14]).

3.5.1 Tá coincheap an éillithe a nglactar leis i gcóras dlí an Aontais **an-leathan** agus téann sé níos faide ná an réimse coiriúil chun iompar a bhaineann an bonn den tsláine, den trédhearcacht, den fhreagracht eiticiúil agus de dhea-bhainistiú gnóthaí poiblí a chur san áireamh. Eascraíonn an sainmhíniú sin ón gcleachtas a bhunaigh an Coimisiún ([15]) agus a dearbhaíodh sa Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Frith-Éilliú ([16]): is éard is éilliú ann 'mí-úsáid cumhachta chun gnóthachan príobháideach a fháil'.

3.5.2 Ar deireadh, maidir leis an méid sin, measann CESE go bhfuil an creat rialála a bhunaítear leis na treoracha maidir leis an ábhar sin fós bailí agus iomchuí agus nach gá é a athbhreithniú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach díriú ar an gcreat rialála a atreorú chuig na luachanna nua atá mar bhonn taca faoi straitéis shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil an Aontais, agus béim a chur ar na naisc idir tionscnaimh reachtacha leanúnacha an Choimisiúin lena gcuirtear cuspóirí glasa, sóisialta agus comhshaoil chun feidhme (féach pointe 4.1). Ba mhaith le CESE a chur i bhfáth arís eile gur rud cinnte é an t-aistriú ó chóras eacnamaíoch ina bhfuil an fás ina phríomhspreagthóir go samhail ina bhfuil tús áite ag an inbhuanaitheacht. ([17]). Thairis sin, is í an inbhuanaitheacht fhorleathan bunchloch straitéis na dtrí institiúid reachtacha Eorpacha freisin ([18]).

3.6 Ar an gcúigiú dul síos, tugann CESE rabhadh faoin éifeacht chreimneach a bhíonn ag an éilliú ar mhuinín an phobail, ar dhlisteanacht an rialtais ionadaíoch agus ar an daonlathas. Ní hamháin go gcuireann an t-éilliú isteach ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar sholáthar na seirbhísí poiblí. Buaileann sé buille trom ar na córais dhaonlathacha freisin. Maidir leis seo, ba cheart na hiarrachtaí in aghaidh an éillithe a ailíniú ar bhealach níos fearr leis na hiarrachtaí chun an daonlathas san Aontas a chosaint agus a fhorbairt, ar iarrachtaí iad atá mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir leis an Daonlathas faoi láthair.

3.7 Ar deireadh, tugann CESE faoi deara go bhfuil freagracht shuntasach ar an Aontas Eorpach freisin chun an t-éilliú a chomhrac ar fud an domhain. Is freagracht í sin a eascraíonn as luachanna bunaidh agus Conarthaí an Aontais, ach freisin as na leasanna eacnamaíocha agus polaitiúla atá ag an Aontas i ngnóthaí domhanda agus san fhorbairt dhomhanda. Ní haon chomhtharlú é gur bhunaigh an Coimisiún Eorpach rialacha dochta lena rialaítear an chaoi a ndámhtar conarthaí, chun a áirithiú go roghnaítear gan laofacht conraitheoirí atá cáilithe go cuí agus go bhfaightear an luach is fearr ar airgead,

([12]) COM(2011) 308 final, 6.6.2011.
([13]) COM(2014) 38 final, 3.2.2014.
([14]) Treoir 2014/23/AE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1.), 2014/24/AE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65.) agus 2014/25/AE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).
([15]) COM(2003) 317, IO C 89 E, 14.4.2004, lch. 110.
([16]) JOIN(2023) 12 final.
([17]) IO C 152,6.4.2022, lch. 7,.(cuid 1(1)).
([18]) IO C 491, 23.12.2022, lch. 1.

agus go mbeidh an trédhearcacht iomlán is gá ann agus go gcuirfear in oiriúint í chun cistí poiblí a úsáid (PRAG ([19])). Tacaíonn CESE leis an togra ó Pharlaimint na hEorpa lena n-iarrtar ar an gCoimisiún straitéis dhomhanda frith-éillithe de chuid an Aontais a ullmhú, lena dtabharfar aghaidh ar an éilliú mar fheiniméan domhanda lena n-éilítear institiúidí frith-éillithe éifeachtacha, sásraí coisctheacha agus creat rialála idirnáisiúnta, chomh maith le haisghabháil sócmhainní agus ionchúiseamh coiriúil laistigh den Aontas ([20]).

4. **Barúlacha sonracha**

4.1 Creideann CESE go bhféadfadh an Coimisiún teachtaireacht a ghlacadh lena ndeimhneofaí treoracha 2014 maidir leis an soláthar poiblí. D'fhéadfadh an Coimisiún an deis sin a ghlacadh chun feabhas a chur ar roinnt nósanna imeachta agus uirlisí dá bhforáiltear sna treoracha sin nár forbraíodh go fóill, na sé thosaíocht straitéiseacha a liostaíodh in 2017 a dhearbhú agus iad a dhíriú ar an inbhuanaitheacht ([21]).

4.2 Dar le CESE, ní mór na hiarrachtaí atá á ndéanamh maidir le trí shaincheist a neartú agus a fheabhsú ([22]):

4.2.1 Aithníonn an Coimisiún an nasc idir an inbhuanaitheacht, an t-aistriú digiteach agus an soláthar poiblí. Ní haon chomhtharlú é gur dhearbhaigh an Coimisiún, ina theachtaireacht dheireanach maidir le todhchaí an Aontais, nach féidir 'talamh slán a dhéanamh d'aistriú socheacnamaíoch rathúil cóir' ([23]).

4.2.2 Ba cheart do mhargadh soláthair phoiblí na hEorpa dul chun cinn níos mó a dhéanamh i réimse an digitithe ([24]). Is ionstraim é an digitiú a chuireann leis an eolas, an trédhearcacht, agus le luas agus sláine shaolré iomlán an tsoláthair phoiblí. Mar gheall ar na saintréithe sin go léir, is rud cabhrach é an digitiú sa chomhrac in aghaidh an éillithe. Mar a thug an Coimisiún faoi deara, áfach, claochlú mall atá i gclaochlú digiteach an tsoláthair phoiblí ([25]). Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, leanúint de thacaíocht theicniúil a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta le linn an phróisis dheacair sin.

4.2.3 **Is uirlis ríthábhachtach í an trédhearcacht** chun feabhas a chur ar shláine mhargadh soláthair phoiblí na hEorpa.

4.2.4 D'fhéadfadh an Coimisiún tábhacht níos mó a leagan ar na comhshocruithe sláine, go háirithe tar éis do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an chomhoiriúnacht a dheimhniú idir na comhshocruithe sin agus an reachtaíocht Eorpach maidir leis an soláthar poiblí ([26]). Bheadh sé úsáideach torthaí an treoirthionscadail a chur san áireamh i gcur i bhfeidhm na gcomhshocruithe sin ([27]), trí dheireadh a chur le cuid de na fadhbanna a tháinig chun cinn ([28]) trí thimpeallacht chuiditheach agus chomhoibríoch a bhunú d'oibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa tairiscint agus do na húdaráis chonarthacha.

4.2.5 Mar a thug ECFE dá aire ([29]), d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith mar thoradh ar aon sárú ar an gcomhshocrú sláine:

— go n-eiseofaí tairgeoir ón bpróiseas tairisceana;

— go gcuirfí an conradh a dhámhtar ar ceal dá mbeadh an táirgeoir buaiteach freagrach;

— go gcuirfí cosc ar thairgeoirí/conraitheoirí neamhchomhlíontacha a bheith rannpháirteach amach anseo i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

4.2.6 D'fhéadfadh an tAontas inspioráid a fháil ón gcleachtas sin agus ó chleachtas an Bhainc Dhomhanda maidir le nósanna imeachta iasachtaithe. Tá ceithre fhreagairt fhéideartha ar iompar míchuí an oibreora eacnamaíoch ar fáil don Bhanc Domhanda:

— cealú coinníollach na hiasachta ('toirmeasc le scaoileadh coinníollach');

([19]) Treoirleabhar praiticiúil do nósanna imeachta conraitheoireachta i leith ghníomhaíochtaí seachtracha AE (PRAG).
([20]) Moladh ó Pharlaimint na hEorpa – *An t-éilliú agus cearta an duine*, 17.2.2022.
([21]) COM(2017) 572 final.
([22]) I ndáil leis an méid sin, tagraíonn CESE do na tuairimí a d'eisigh sé roimhe seo: IO C 13, 15.1.2016, lch. 63, IO C 318, 29.10.2011, lch. 113, IO C 191, 29.6.2012, lch. 84.
([23]) COM(2023) 376 final, 6.7.2023, cuid I agus III (1) agus (2).
([24]) Airteagal 33 ff. de Threoir 2014/24/CE, cit.
([25]) COM(2017) 572 final, lch. 5.
([26]) Breithiúnas C-425/14, 22.10.2015.
([27]) Tionscadal maidir le Comhaontuithe Sláine – Sásra Rialaithe Shibhialta chun Cistí an Aontais a Chosaint, Céim 2; chun na torthaí a fháil, féach Aceves, *Safeguarding EU-Funded Investments with Integrity Pacts: a Decision-Maker's Guide to Collaborative Public Contracting Monitoring*, Transparency International, 26.3.2021.
([28]) Amhail aitheantas a thabhairt do thoil pholaitiúil éifeachtach an údaráis chonarthaigh phoiblí dul i mbun comhshocrú sláine agus dá chumas gealltanas a thabhairt.
([29]) ECFE, *Catalysing Collective Action to Combat Corruption in Infrastructure*, 9.12.2022.

— *clár comhlíontachta maidir le sláine* a sholáthar a thionscnófar tar éis an bhirt toirmisc a bhfuil scaoileadh coinníollach ag gabháil leis;

— toirmeasc buan;

— tras-díchumasú, (mar thoradh ar riail a chuir na bainc idirnáisiúnta go léir i bhfeidhm).

4.2.7 D'fhéadfadh an tAontas an cleachtas sin a chur i bhfeidhm le roinnt réamhchúraimí, i.e. a ráthú go gcomhlíonfar prionsabal na comhréireachta idir iompar an oibreora eacnamaíoch agus na hiarmhairtí a bheadh ann dá n-eiseofaí an t-oibreoir sin. Chun an méid sin a bhaint amach, ní mór rialacha soiléire, trédhearcacha agus inrochtana a cheapadh agus imthosca maolaitheacha a shainaithint. D'fhéadfadh an Coimisiún teachtaireacht a ghlacadh ina leagfaí amach treoirlínte maidir leis an ábhar sin.

4.2.8 D'fhéadfadh an córas tras-toirmisc (idir údaráis Eorpacha/institiúidí náisiúnta/bainc phríobháideacha) a bheith úsáideach chun an margadh inmheánach a chosaint ar mhí-úsáid acmhainní poiblí a leithdháiltear ar thairiscintí, is cuma cé acu Eorpach nó náisiúnta iad na hacmhainní sin. I ndeireadh na dála, dhíreodh córas den chineál sin ar sholáthar éillitheach fiú i gcás nach bhfuil acmhainní airgeadais an Aontais i gceist (féach pointe 2.1).

An Bhruiséil, an 17 Eanáir 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE